OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

www.flooding.ie

tuilte

Pleanáil, ullmhú, cosaint

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Clár ábhair

Ó tháinig mé in oifig tá béim mhór curtha agam ar athbhreithniú iomlán ar an bPolasaí Tuile Náisiúnta agus ar shoiléireacht a thabhairt faoi fhreagairt an Stáit ar thuilte. Glactar go forleathan le Tuarascáil Athbhreithnithe Polasaí an Rialtais agsu táim lán-sásta leis an obair atá déanta go dtí seo agus an freagra ó na geallsealbhóirí éagsúla uile. Creidim, maidir le tuilte, gur rud fíor-thábhachtach é Meabhraíocht Phoiblí a ardú faoi na dainséir a bhaineann le tuile agus gur chóir daoine a chur ar an eolas chomh maith maidir leis an slí is fearr chun iad féin, a dteaghlaigh agus a gcuid maoine a chosaint ó na guaiseacha de thuilte.

Chuige sin bhí mé sásta a bheith páirteach i bhforbairt na treorach seo.

Tá an t-eolas sa threoir seo curtha i láthair i slí dhíreach shímplí agus táim cinnte go gcuirfidh sé ar chumas dhaoine gach réamhchúram réasúnta a ghlacadh chun iad féin a chosaint in ócáid tuile. Ós rud é gur féidir leis na torthaí a bheith millteach tá sé tábhachtach go nglacann gach duine a bhfuil a chuid mhaoine i mbaol an gníomh cuí chun tuile a chosc.

Mar a léiríonn an treoir seo is féidir roinnt mhaith a dhéanamh chun an damáiste óna leithéid d'eachtraí a laghdú agus tá súil agam go mbeidh sí ina treoir phraiticiúil dóibh siúd go léir a bhfuil a mbailte nó a ngnóthaí i mbaol.

Tom Parlon TD
Aire Stáit ag an Roinn Airgeadais
le cúram speisialta don OOP

Baol tuile a mheasúnú	3
Ag ullmhú do thuile	7
Plean tuile a chruthú don teaghlach agus do dhaoine fásta	11
Má bhíonn tuile ann	15
I ndiaidh tuile	19
Tuile agus úinéirí gnó	23
Clúdach árachais	27
Aire a thabhairt do bheostoc agus peataí	31
Teach a dhéanamh tuile-dhíonach	35
Do bhaile a athchóiriú i ndiaidh tuile	43
Do ghairdín a athchóiriú	55
Fíricí faoi thuilte	59

01

Baol tuile
a mheasúnú

Fíric: Is féidir le chomh lú agus aon troigh amháin an cuid is mó de ghluaisteáin a bhogadh den bhóthar.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

An tslí is éasca le fáil amach an bhfuil do mhaoin i mbaol tuile ná stair an cheantair mórthimpeall a lorg. Mar shampla, d'fhéadfadh do theach a bheith i mbaol tuile má tharla tuile cheana sa cheantar mórthimpeall. Mura bhfuil tú i do chónaí san áit le fada, bheadh a fhios ag do chomharsana nó staraí áitiúil má raibh aon thuile ann cheana.

Measúnú a Dhéanamh

Slí eile chun an baol tuile i do cheantar a mheasúnú ná staidéar a dhéanamh ar an talamh agus na sruthchúrsaí mórthimpeall. D'fhéadfá a bheith i mbaol tuile má:

- Tá do theach i ngar do fhoinse uisce oscailte, ar nós abhainn, na farraige, loch, sruthán, díoga nó draenacha.
- Tá do theach lonnaithe i log nó limistéar íseal inar féidir le huisce tuile bailiú.
- Léiríonn léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis 'i mbaol tuile' ar shuíomh do mhaoine.

Má bhaineann aon chuid den chritéir thuas le do mhaoin d'fhéadfá a bheith i mbaol tuile de bharr:

- Aibhneacha a líonann le titim báistí, srutháin agus díoga os cionn a gcumas sreafa.
- Uisce tuilte ag sceitheadh thar bhruacha abhann agus chosaint tuile isteach ar thuilemhánna.
- Stoirmeacha cósta le hoslíonadh mar thoradh agus sárú de chosaint tuile cósta de dheasca borrann stoirme agus gníomhaíocht tonnta.
- Díoga draenála atá druidte nó atá anluchtaithe, díoga nó séaraigh ag sceitheadh trasna bóithre, gairdíní agus isteach ar mhaoin.
- Séaraigh anluchtaithe le cúlsreabhadh ar mhaoin.
- Baisteach atá chomh trom go ndéanann rith-síos sceitheadh thar talamh, síos cnoic agus fánaí.
- Baisteach ag sú isteach ar an talamh ag déanamh leibhéil screamhuisce a ardú agus tuile a dhéanamh.

Tá sé tábhachtach a choimeád i gcuimhne cé go gcuireann cosaint tuile, ar nós ballaí nó claífort, cosaint éigin ar fáil in aghaidh tuilte, ní sholáthraíonn siad cosaint iomlán. Is féidir tuilte tarlú ón uisce thaobh thiar de chosaint nach mbíonn in ann draenáil uaidh (ar nós uisce stoirme ó bháisteach trom) nó uiscí tuile ag doirteadh thar barr na cosanta go háirithe in ócáidí thar cuimse. Má tá do mhaoin taobh thiar de chosaint, ní bheidh tuile ann chomh minic ná mura bhfuil an cosaint ann, ach beidh sé fós i mbaol áirithe.

www.flooding.ie

02

Ag ullmhú do thuile

Fíric: Is féidir le chomh lú agus 150mm (6 orlach) d'uisce i sreabhadh tapa tusa a leagadh síos.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Má tá tú i do chónaí i limistéar ina mbíonn tuilte ba chóir duit ullmhúchán a dhéanamh ar eagla go dtarlódh tuile. Is iad ullmhúcháin fadtéarmacha an tslí is fearr chun a chinntiú go bhfuil do mhaoin cosanta in aghaidh damáiste tuile:

- Chun do bhallaí a dhéanamh díonmhar ar thuile is féidir leat táirgí ar nós sreabhainn leachtacha, cótaí polaiméire/ suiminte, sreabhainn leathnaigh maisteoige asfailt nó réamh-chruthaithe a úsáid.
- Chun feabhas a chur ar sheasamh do fhuinneoga agus dhoirse i gcoinne tuile cinntigh go bhfuil an séala timpeall na bhfráma slán agus gan aon scoilt agus déan aon fhráma adhmaid a chóireáil le smáil, péint nó vearnais uiscedhíonach ar bhonn ola.
- Tá réimse de chosaint sealadach a d'fhéadfaí úsáid chun do theach a chosaint in ócáid tuilte, ar nós málaí gainimh, boird tuile agus bratacha. Má tá na táirgí seo á cheannach déan tagairt do bhileog 9 le do thoil.
- Má tá tú aon fhairsingiú nó obair thógála á dhéanamh agat ar do theach, ba smaoineamh maith é cuimhneamh ar shreabhann uiscedhíonach a chur isteach sna dúshraitheanna. Déan measúnú chomh maith ar dhíonadh log cille dúnta ag leibhéal urláir na talún agus bealach taisdíonach ardaithe. Ba chóir na soicéid leictreacha a chur os cionn airde an uisce tuile ó bhlianta roimhe seo agus ba chóir aon aonaid aeroiriúnaithe, teasa nó gás a lonnú ar an gcéad urlár nó san áiléir.
- Cinntigh go bhfuil aon sruthán, aibhneacha nó locha ar do mhaoin in ann sreabhadh. Déan seiceáil ar chonstaic sa sruthán agus cinntigh nach bhfuil aon chreimeadh déanta ar na bruacha.
- Cinntigh i gcónaí go bhfuil stoic ábhair agat atá úsáideach i rith tuilte, ar nós sraithadhmad, leatháin phlaisteacha, málaí gainimh (gan líonadh), gaineamh, tairní, casúr, sluasaid, brící, bloic adhmaid agus sábh.
- Bí aireach agus déan scrúdú go rialta ar do mhaoin ar scoilt nó bearnaí sna brící agus urláir nó timpeall fuinneoga, doirse agus píopaí.
- Má chónaíonn tú i limistéar i mbaol tuile is smaoineamh maith é aon earraí pearsanta maoithneach a stóráil thuas staighre nó os cionn an leibhéal féideartha tuile is airde mar ní bhíonn sé indéanta a leithéid a fháil arís. Baineann sé seo le sonraí bainc agus árachais freisin, chomh maith le huimhreacha teagmhála éigeantacha.
- Ba chóir earraí luachmhara ar nós ríomhairí, teilifís, agus araile, a stóráil os cionn leibhéal na talún más féidir. Ba chóir ríomhaire, mar shampla, a choimeád ar bhord nó ar dheasc seachas faoi.

Ag Ullmhú

www.flooding.ie

03

Plean tuile a chruthú don teaghlach agus do dhaoine aosta

Fíric: Tarlaíonn 80% de bhásanna tuile i bhfeithiclí. Tarlaíonn an chuid is mó nuair a dhéanann tiománaithe botún aonar, cinniúnach nuair atáthar ag iarraidh stiúradh trí uiscí tuile.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Má chónaíonn tú i limistéar i mbaol tuile is smaoineamh maith é plean tuile teaghlaigh a bheith ar bun ionas go mbeadh a fhios ag gach duine cad ba chóir a dhéanamh má tharlaíonn tuile. Tá sé tábhachtach go háirithe má tá baill teaghlaigh an-óg nó an-aosta ina gcónaí leat. Imlínithe thíos tá roinnt moltaí le haghaidh do phlean.

- Coimeád liosta d'uimhreacha éigeandála i ngar don ghuthán, nó stóráilte i gcuimhne do ghuthán nó guthán póca.
- Cur paca tuile le chéile agus cinntigh go bhfuil a fhios ag gach duine cá bhfuil sé le fáil. Ba chóir go mbeadh tóirse, roinnt éadaí teolaí agus uiscedhíonach, bataire nó raidió ab féidir glinneáil, lámhainní rubair, buataisí, trealamh garchabhrach agus blaincéid sa phaca tuile.
- Déan liosta de rudaí riachtanacha do na leanaí a chaithfidh tú a bheir leat má bhíonn ort imeacht. Mar shampla, bainne, bia linbh, buidéil aimridithe, éadach mosach, an rogha béirín nó bréagán.
- Smaoinigh ar na hearraí is luachmhaire duit féin. Déan liosta de na hearraí seo agus cinntigh go bhfuil a fhios agat cá bhfuil siad i dtreo is go mbeifeá in ann iad a bhogadh go tapa go dtí áit slán.
- An bhfuil leigheas ag teastáil ó éinne sa theaghlach? Ná déan dearmad é a thógáil leat.
- Gás agus leictreachas: bí cinnte go bhfuil a fhios agat cá bhfuil na pointí dúnta síos. An bhféadfá iad a fháil sa dhorchadas?
- Má tá ort imeacht an bhfuil áit éigin agat le dul ann? An mbeidh tú in ann dul ann, ag cuimhneamh go bhféadfadh bac a bheith ar roinnt bóithre de bharr na tuile?
- Má tá baill teaghlaigh aosta nó faoi mhí-chumas agat sa teach, conas a d'fhéadfá iad a thabhairt amach go slán?
- Ná déan dearmad ar do pheataí. Bí cinnte go bhfuil áit slán agat dóibh. Má tá ort do theach a fhágáil, an féidir leat iad a choimeád leat nó an gá iad a choimeád in áit eile?

Comhairle speisialta do dhaoine aosta

Más duine aosta tú a chónaíonn leat féin, déan iarracht smaoineamh ar cá rachfá mar tharlaíonn tuile. An féidir leat fanacht le do chlann nó le cairde? Murar féidir an d'fhéadfadh d'údarás sláinte áitiúil lóistín a shocrú duit. Is iad seo a leanas roinnt réamhchúraimí ar chóir duit a dhéanamh ar fhaitíos tuile:

- Slí ealaithe a phleanáil, go háirithe má tá tú i mbungaló.
- Má chónaíonn tú i dteach le glais fhuinneoige, coimeád eochar thuas staighre i dtreo is go mbeidh tú in ann tarrtháilthe a ligean isteach más gá.
- Déan liosta d'uimhreacha úsáideacha agus coimeád é in áit sábháilte é. Ba chóir a chur san áireamh san liosta:
  - Baill ded' chlann agus comharsana ab féidir cabhrú.
  - D'údarás áitiúil agus stáisiún Garda.
  - Do Bhord Sláinte áitiúil.
  - Do chomhlacht árachais agus uimhreacha éigeandála.

Plean Tuile

www.flooding.ie

04

Má bhíonn tuile ann

Fíric: Ceapann eolaithe go bhfuil seans ann go dtarlóidh tuilte níos muinicí sa todhchaí toisc athrú aeráide.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Má bhíonn tuile ann

Má chuireann tuile bagairt ar do cheantar, tá roinnt céimeanna gur féidir leat tógáil chun an damáiste dod' mhaoin a laghdú, ach **smaoinigh gur chóir dod' shábháilteacht a bheith mar do phríomh imní.**

- Ná triall siúl nó tiomáint tríd uisce an tuile
- Más féidir leat, seachain uisce tuile mar tá seans ann go bhfuil sé truaillithe nó salach.
- Bí cúramach agus tú ag siúl tríd uisce tanaí – d'fhéadfadh clúdaigh na dúnphoill a bheith éirithe as agus bheadh seans ann go mbeadh dainséir eile faoin uisce nach féidir leat a fheiceáil.
- Ná iarraidh snámh in uisce atá ag taisteal go tapa – tá seans ann go dtógfaidh an t-uisce leis tú nó go mbuailfidh rud éigin san uisce tú.
- Caith éadaí oiriúnach nuair a bhíonn tú ag obair in uisce tuile, nó timpeall air.

Istigh i do theach

- Tóg rudaí luachmhara agus rudaí eile go háit sábháilte. Cur os cionn leibhéal na tuile nó thuas staighre iad.
- Folmhaigh aon troscán nach féidir a bhogadh agus cur thuas staighre iad.
- Tóg na cuirtíní má bhíonn am agat – mura mbíonn, déan iad a cheangal thar ráille an chuirtín
- Cuir málaí gainimh in aon oscailt ar féidir leis an uisce teacht isteach ann.
- Múch an gáis agus an leictreachas.
- Déan chócaireáin, innill níocháin, niteoirí miasa 7rl a dhínascadh atá ceangailte le píobáin droimneacha chun aon damáiste don inneall agus na píobáin a chosc.
- Déan aon rudaí leictreacha a choimeád thuas staighre nó os cionn leibhéal na tuile.
- Bíodh leigheas agat (más gá).

Lasmuigh de do theach

- Cur do ghluaisteán ar thalamh ard más féidir.
- Déan aon rud lasmuigh, cosúil le troscán an ghairdín a bhogadh go talamh níos airde. Smaoinigh gur féidir le huisce tuile dul isteach i do gharáiste, mar sin, tóg aon cheimicí nó bhreosla chun a chinntiú nach ndoirteann siad isteach in uisce na tuile, áit go dtarlóidh a thuilleadh damáiste.
- Bain an dallán ó aon chónasc leictreach lasmuigh, cosúil le soilsiú, lasmuigh, pumpaí linne nó scagairí.

www.flooding.ie

05

I ndiaidh tuile

Fíric: Is é an tuile an tubaiste nádúrtha is coitianta agus is forleathan seachas tine.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Bí cúramach i gcónaí agus tú ag dul isteach i maoin tar éis tuile. Is féidir le tuilte dúshraitheanna a lagú agus rudaí troma a bhogadh go suímh éadaingne. Bíodh gach seirbhís bunaithe ar leictreachas, ghás nó bhreosla seiceáilte ag duine ghairmiúil roimh iad a lasadh agus tóg na réamhchúraim seo a leanas:

Ina dhiaidh

- Tuig go bhfuil gach líne comhachta beo, bí cinnte go bhfuil an cumhacht san áit múchta sula ndéanfá aon rud.
- Déan seiceáil do bholadh gáis agus bí cinnte go bhfuil na línte múchta.
- Agus tú ag dul isteach i seomra, féach ar an séileáil i gcóir aon scoilt nó bolg. Tá plástar fliuch an-trom agus cuireann sé bagairt ar struchtúr an fhoirgnimh.
- Má bhíonn do íoslach báite, ná bíodh deifir ort an t-uisce a phumpáil amach as. Má bhíonn an talamh lasmuigh báite, d'fhéadfadh sé brú anacair a chur ar bhallaí an íoslaigh.
- Bí cúramach agus treascarnach á bhogadh agus lorg cabhair le rudaí troma nó éadaingne a d'fhéadfadh tú a sháinniú nó a bhrú.
- Ná téigh isteach i bhfoirgneamh atá lín mhóra dríodair istigh ann nó in in aice leis, toisc an fhoirgnimh a bheith éadaingean.
- Bí cúramach ag bogadh timpeall laistigh den fhoirgneamh, is féidir le huisce réidh a lán guaiseanna a chlúdach.
- D'fhéadfadh uisce réidh a bheith mar shuíomh fholaíochta do mhicreaorgánaigh a scaoiltear isteach san aer nuair a suaitear an t-uisce. D'fhéadfadh said seo a bheith dainséarach don sláinte má dhéantar iad a ionanálú. Tóg gach rud ón uisce chomh luath agus is féidir agus cur masc cosanta ort féin má tá an plúchadh nó fadhbanna cliabh ort.
- Cuimhnigh gur féidir le huisce a bheith truaillithe – nígh do lámha le díghalrán má thagann siad ar uisce tuile nó treascarnach cré.

Uair a bhíonn tú sásta go bhfuil sé sábháilte dul isteach i bhfoirgnimh, tá roinnt rudaí a chaithfidh tú a dhéanamh roimh thosnú ar an nglanadh:

- Déan an damáiste de bharr na tuile a thaifeadadh ar cheamara nó ar thaifeadán videó.
- Déan léibhéal an uisce a mharcáil ar na ballaí mar thagairt.
- Seiceáil le do chomhlacht árachais. De gnáth, íocfaidh siad as an nglanadh suas a thagann tar éis tuile.
- Bí cinnte i gcónaí go bhfuil cead tugtha ag do chomhlacht árachais roimh aon obair a thosú.

www.flooding.ie

06

Tuile agus úinéirí gnó

Fíric: Bíonn aon-trian de bhóithre agus dhroichid faoi thuile chomh scriosta ag an uisce nach mbíonn ach deis de 50% ag aon fheithicil ag iarraidh é a thrasnú an taobh eile a shroicheadh.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Gnó

Má tá do ghnó i gceantar i mbaol tuile ba chóir duit plean tuile a chur ar bun. Bí cinnte go bhfuil a fhios ag gach ball foirne cad atá le déanamh i gcás tuile.



Bí ullamh

- Polasaithe árachais – an bhfuil árachas agat in aghaidh dámaiste tuile, cur isteach ar an gnó agus ioncam caillte?
- Déan liosta d'uimhreacha gutháin tábhachtacha, ag cur san áireamh uimhreacha teagmhála do sholáthraithe gáis, leictreachais, uisce agus gutháin.
- Déan liosta de shonraí teagmhála fostaithe in aghaidh tréigthe. D'fhéadfadh uimhreacha gutháin phóca, nó uimhreacha a mbaile nó baile cara nó gaolta a bheith san áireamh anseo.
- Cuimhnigh ar bhaill fhoirne a bheadh cabhair speisialta ag teastáil uathu i gcás tuile (m.sh. duine aosta, bodhair, dall agus araile).
- Déan plean tuile a chur san áireamh i do phlean sláinte agus slándála. Déan slí thréigthe a aithint don fhoireann. Eagraigh druil éigeandála (mar a bhíonn an druil dóiteáin).
- Bíodh suímh na bpointí scoite don ghás, leictreachas agus uisce ar eolas agat. Go hidéalach, ba chóir iad seo a mharcáil ar léarscáil atá stóráilte le do phlean tuile.
- Bíodh suíomh cheimiceáin, ola nó ábhair eile a d'fhéadfadh a bheith dáinseárach nó a thruailleodh uisce tuile ar eolas agat. Ba chóir iad a stóráil slán ó thuilte agus damáiste eile.

Gníomhartha cosantacha

- Tabhair faoi deara príomh stoic, trealamh agus earraí ar a mbeadh cosaint speisialta riachtanach ó uiscí tuile.
- Déan na rudaí a bheadh uait i rith nó tar éis tuile a mheas (.i. málaí gainimh, leatháin phlaisteacha, callaire agus araile).
- Féach ar féidir príomh-oibreacha a bhogadh timpeall, ar nós longseoireacht agus glacadóireacht nó seirbhísí custaiméara, go foirgneamh eile.

Soláthraithe agus naisc seachtracha

- Déan táirgí agus seirbhísí a aithint nach mbeadh riachtanach duit i gcás tuilte, nó nach bhféadfadh soláthraithe a chur ar fáil. Déan pleananna nó socruithe tionlacain do sheachadtaí a chur ar cheal gan chairde.
- Smaoinigh ar chonraitheoireacht ar aghaidh le comhlachtaí a d'fhéadfadh cabhair riachtanach a thabhairt duit i ndiaidh tuile. Seachnaíonn sé seo an dírathú de chabhair a lorg in am éigeandála, agus cuireann sé suíomh níos fearr tú chun idirghabháil a dhéanamh ar chostais.
- Déan daoine a aithint a d'fhéadfadh cabhrú leat roimhh, i rith agus tar éis tuile.

www.flooding.ie

07

Clúdach árachais

Fíric: Gluaiseann uiscí tuile tapa a dhóthain chun bulláin a bhogadh, crainn a stoitheadh agus droichid a leagadh, próiseas a ghlaoitear sciúradh air.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Nuair a bhíonn iarratas árachais á chur isteach agat ar dhamáiste tuile, cuimhnigh ar iad seo a leanas:

- ✓ Bí cinnte go bhfuil árachas tí agat agus go bhfuil tú clúdaithe do dhamáiste tuile.
- ✓ Cur glaoch ar line éigeandeála 24-uair a chloig do chomhlacht árachais chun an próiseas a thosnú chomh luath agus is féidir.
- ✓ Tosaigh ar phumpáil agus obair chóirithe éigeandála chun do mhaoin a chosaint ó a thuilleadh damáiste.
- ✓ Faigh comhairle ó do chomhlacht árachais maidir le conraitheoirí nó tógálaithe creidiúnacha.
- ✓ Léigh do leabhrán polasaí chun fháil amach an bhfuil an damáiste nó caillteanas clúdaithe faoi do pholasaí (féach ar shuíomh idirlín do chomhlachta árachais chomh maith). Más amhlaidh, féach ar na teorainn a bhaineann le clúdach dá leithéid.
- ✓ Líon isteach an fhoirm éilimh ag deimhniú cúis an damáiste agus iniaigh measacháin do chóiriú/athchuir.*
- ✓ Deimhnigh le do chomhlacht árachais má bhíonn ort bogadh isteach i gcóiríocht ionadúil, mar bíonn sé seo clúdaithe faoin bpolasaí go minic.
- ✓ Bí cinnte go bhfuil a fhios ag do chomhlacht árachais cén áit ar féidir leo teacht ort má bhíonn ort bogadh go áit éigin eile.
- ✓ Coimeád fardal den chomhfhreagras i scríbhinn nó chomhfhreagras gutháin uile le do chomhlacht árachais.
- ✓ Déan an damáiste de bharr na tuile a thaifeadadh ar cheamara nó ar thaifeadán videó.
- ✓ Déan léibhéal an uisce a mharcáil ar na ballaí mar thagairt.

- ✘ Ná cur tús le haon obair gan cead ó do chomhlacht árachais.

Ná caith aon rud amach más féidir, sula bhféachann measúnóir air. De rogha ar sin tóg grianghraf de rudaí roimh iad a chaitheamh amach.

*Cuimhnigh nach conradh cothabhála é do pholasaí árachais. Níl gnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt san áireamh i do pholasaí.

Árachas

www.flooding.ie

08

Aire a thabhairt do bheostoc agus peataí

Fíric: Is féidir le sruthanna leictreacha ó línte agus cháblaí cumhachta atá tar éis titim gluaiseacht tríd uisce na tuile.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Má tá feirm agat, caithfidh tú smaoineamh ar do bheostoc chomh maith le do chlann agus do theach. Chomh maith leis sin, má bhíonn peataí agat sa bhaile, caithfidh tú smaoineamh orthu agus a shábháilteacht má tá tuile ann.

Beostoc agus peataí

Beostoc

- Cur liosta d'uimhreacha éigeandála le chéile, lena n-áirítear d'fhostaithe, do chomharsana, do thréidlia, tréidlia an stáit, stiúir nimhe, dídean ainmhithe áitiúil, cúnamh agus stiúir ainmhithe, oifig Teagasc áitiúil, acmhainní feitheoireachta agus saorálaithe áitiúla.
- Bí cinnte go bhfuil aitheantas sofheicthe agus buanfasach ar gach ainmhí.
- Bí cinnte go bhfuil teacht ag éanlaith chlóis ar áiteanna arda ar féidir leo suí air, chomh maith le bia agus uisce glan.
- Bain anuas aon sreang deilgneach, agus smaoinigh ar airbhe bhuan a chasadh i dtreo is gur féidir le hainmhí dul go talamh ard má thagann tuile.
- Bí cinnte go bhfuil soithigh mhóra a dhóthain agat i dtreo is go mbeidh uisce ag d'ainmhí ar feadh seachtaine.
- Ionannaigh foinsí uisce agus cumhachta ailtéarnaigh. Tá an seans ann go mbeidh gineadóir le soláthar breosla riachtanach, go háirithe má bhíonn trealamh leictreach agat do mhaitheas d'ainmhithe.
- Daingnigh nó bain aon rud a dhéanfadh snámh nó bogadh ó áit go chéile.
- Aithnigh na slite ar féidir le beostoc éalú go talamh níos airde. Má thagann tuile, oscail geataí ar an bhfeirm i dtreo is gur féidir le hainmhí éalú go talamh níos airde.
- Má bhíonn an t-uisce ag ardú, déan iarracht ar na hainmhithe a chasadh tríd uisce atá soar ó bhaic. Is snámhóirí maithe iad ainmhithe féaraigh, ach is iad claíocha agus baic eile na fadhbanna is mó a bhíonn acu.

Peataí

An bhfuil plean agat dod' pheataí in am tuile? Tiocfaidh suaimhneas aigne chugat má bhíonn soláthairtí agus plean roimh tuile agat. Chomh maith leis sin, beidh níos mó ama agat agus b'fhéidir go ndéanfadh sé saol do pheata a shábháil fiú.

- Bí cinnte go bhfuil clib aitheantais buanfasach le d'ainm agus d'uimhir gutháin ar do pheata.
- Má thagann uisce na tuile isteach i do shealúchais, tóg na peataí thuas staighre nó cur i gcás iad atá níos airde ná leibhéal an uisce.
- Má bhíonn ort aslonnú, an bhfuil duine éigin ann a thabharfaidh aire dod' pheata le linn na tuile?
- Má bhíonn ort aslonnú ó do theach, beidh soláthairtí cosúil leo seo a leanas ag teastáil dod' pheata:
  - cliathbhosca broganta agus/nó iompróir/cás.
  - fearas garchabhrach do pheataí.
  - coniall agus uaim nó coiléir.
  - babhlaí ná doirteann.
  - bosca easair chomh maith le heasair do chait.

www.flooding.ie

09

Teach a dhéanamh tuiledhíonach

Fíric: Is féidir le huisce tuile clúdaí dúnphoill agus draenach a bhogadh, rud a chruthaíonn contúirtí dofheicthe.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Tuiledhíonach

Má tá cónaí ort i gceantar a bhfuil baol tuile ann ba cheart go mbeadh tú ullmhaithe ar fhaitíos go dtarlaíonn tuile.
Is fiú am a chaitheamh ar phlean a ullmhú duit féin ionas go mbeidh tú réidh le déileáil le tuile má tharlaíonn sé – d'fhéadfadh plean cabhrú leat airgead a shábháil, míchaoithiúlacht agus strus a laghdú, agus d'fhéadfadh sé do bheatha a shábháil fiú!

Málaí Gainimh

Is maith an smaoineamh é málaí gainimh a bheith fágtha ar leataobh agat má tá cónaí ort i gceantar a bhfuil baol tuile ann. Mura bhfuil málaí gainimh agat is féidir leat úsáid a bhaint as rud éigin eile cosúil le clúdaigh piliúir nó málaí bruscair agus iad a líonadh le hithir ón ngairdín. Ná déan dearmad nach fiú na málaí a líonadh róluath nó rófhada ón suíomh a mbeidh siad ag teastáil ann, mar go n-éiríonn na málaí an-trom go deo tar éis beagán ama.

- Bíodh lámhainní cosanta ort nuair a bhíonn tú ag líonadh mála gainimh mar go bhfuil gaineamh scríobach.
- Ná bíodh na málaí níos mó ná leathlán. Ní gá na málaí a cheangail, cuir an chuid oscailte den mhála síos i dtreo na talún nuair a bhíonn na málaí á leagan ar mhullach a chéile agat.
- Glan bruscarnach ar bith ón áit a bhfuil na málaí le leagan ann.
- Fág na málaí leathlán ar fhad agus bíodh siad comhthreomhar le sruth an uisce.
- Bíodh na málaí á leagan síos i sraitheanna díreach cosúil le balla brící, agus bí cinnte go mbíonn gach mála sa chéad tsraith eile ar forluí ar leath den mhála thíos faoi.
- Brú na málaí faoi do chosa go mbíonn siad san áit cheart, nach mbíonn bearnaí ar bith fágtha eatarthu agus go mbíonn séala uiscedhíonach cruthaithe.
- Má theastaíonn uait málaí gainimh a úsáid mar mhodh cosanta agus go bhfuil siad níos mó ná trí shraith ar airde, ba cheart duit iad a eagrú i gcruth cosúil le pirimid: ar dtús bíodh níos mó ná ceithre mhála gainimh fágtha ar an talamh agat

www.flooding.ie

agus ansin leag na málaí eile os a chionn sin. Ba cheart duit na málaí a leagan síos ar mhullach a chéile agus iarracht a dhéanamh cruth pirimid a dhéanamh.

- Má theastaíonn uait go mbeidh sé níos uiscedhíonaí ná sin cuir clúdach plaisteach ar an mballa atá déanta agat as málaí gainimh, agus bí cinnte go bhfanann an plaisteach san áit cheart trí mhálaí gainimh eile a úsáid.

Cé go mbaineann a lán daoine úsáid as málaí gainimh mar mhodh cosanta i gcoinne tuilte, tá míbhuntáistí ag baint leo freisin:

- I rith éigeandála, b'fhéidir go mbeadh sé deacair a dóthain málaí gainimh a fháil.
- Teastaíonn beirt chun na málaí gainimh a líonadh agus tógann sé roinnt mhaith ama freisin.
- Bíonn sé sách deacair na málaí gainimh a láimhseáil, agus bheadh deacracht go háirithe ag daoine scothaosta nó na heasláin iad a láimhseáil.
- Nuair a thagann an t-uisce tuile isteach ar na málaí gainimh, is iondúil go bhfanann ábhair shalaithe cosúil le séarachas sna málaí.
- Déanta d'ábhar in-bhithdhíghrádaithe atá na málaí agus díscaoileann siad má fhágtar san áit chéanna iad ar feadh tréimhsí fada.

Cláir Tuile

Is éard atá i gcláir tuile (nó bacainní tuile) bacainní inaistrithe ar féidir iad a chur trasna ar oscailtí, cosúil le doirse, má tharlaíonn tuile. Tá roinnt táirgí ann atá deartha go speisialta ar fáil ar bhonn tráchtála agus ar féidir iad a cheannach agus a fheistiú. Má cheannaíonn tú cláir tuile, ba cheart duit táirge a bhfuil marc dearbhaithe cáilíochta air a cheannach (cosúil leis an 'kitemark').

D'fhéadfadh tú do chláir tuile féin a dhéanamh dá mba mhian leat. Ní mór a bheith cúramach áfach, go bhfuil na cláir sách láidir agus go bhfuil siad feistithe i gceart don oscailt a bhfuil siad le dul ann agus go bhfoirmítear séala uiscedhíonach ceart.

Is é an bealach is éasca le cláir tuile a dhéanamh bacainn adhmaid nó miotail a dhéanamh, bacainn atá daingnithe go cothrom in aghaidh balla, doras nó i bhfoirm fráma a théann thar gheataí nó conairí. Cabhróidh brú an uisce tuile leis an mbacainn a shéalú. Beidh éifeachtacht na gclár ag brath ar láidreacht na mballaí agus marthanacht feistí an fhráma. Is é an clár tuile is coitianta atá ann clár ar féidir é a chur síos i bhfráma, mar gur furasta é seo a thógáil as an mbealach nuair nach mbíonn sé ag teastáil. Ach is féidir clár tuile ar a mbíonn inse a dhéanamh freisin; clár ar féidir é a dhúnadh thar bhearnaí éagsúla.

Timfhilleadh

Is éard atá i dtimfhilleadh modh nua-aimseartha le tionchair uisce tuile a laghdú trí phlaisteach a chur timpeall ar 600 - 900 mm íochtarach d'áitreabh.

Cuid den phróiseas is ea trinse a dhéanamh chun tosaigh ar an mballa ar mian leat é a chosaint. Greamaítear an plaisteach chuig an mballa, os cionn an leibhéil a cheaptar a bheidh ag an uisce tuile. Bíonn an plaisteach ag dul síos feadh an bhalla agus cuirtear os cionn draeinphíobáin é ag an mbun. Ansin cuirtear an plaisteach feadh an trinse agus daingnítear ar an taobh eile é le meáchain nó málaí gainimh. Ní mór go mbeadh cumas DIY éigin ag duine chun foirgneamh a thimfhilleadh agus ní mór tús a chur leis an obair seo sula mbíonn tuile ann, de bhrí go dtógann an próiseas ar fad roinnt mhaith ama. Tá táirgí eile ar féidir iad a cheannach agus a fheistiú ar d'áitreabh féin ar fáil ar bhonn tráchtála.

www.flooding.ie

Táirgí Cosanta Tuile

Rabhadh!

I gcásanna de dhrochthuilteach (áit a n-ardaíonn an t-uisce tuile os cionn méadar amháin) d'fhéadfadh sé a bheith níos contúirtí uisce a choinneáil amach as d'áitreabh ná é a ligean isteach. Cuireann an méid sin uisce brú ar an bhfoirgneamh agus go deimhin d'fhéadfadh sé damáiste a dhéanamh do struchtúr nó do bhunsraith an fhoirgnimh. Dá bhrí sin, níor cheart duit bacainn a chur ar dhoirse, fuinneoga nó poill aeir atá os cionn méadar ar airde.

Má tá imní ort faoi obair ar bith atá beartaithe agat, le do thoil déan teagmháil leis an Oifigeach Rialaithe Foirgnimh i d'údarás áitiúil.

Is féidir leo comhairle agus treoir a thabhairt le cinntiú go bhfuil obair ar bith atá beartaithe agat ag comhlíonadh leis na rialacháin foirgníochta.

Chun uimhir theileafóin d'údarás áitiúil a fháil féach ar an láithreán gréasáin www.environ.ie

Is féidir táirgí cosanta tuile réamhdhéanta a cheannach ó chuideachtaí éagsúla.

Geataí Tuile

Téann siad seo os comhair bealaí iontrála cosúil le cabhsaí agus doirse, chun stop a chur le huisce tuile teacht isteach ar d'áitreabh.

Málaí Tuile

Is féidir na málaí seo a úsáid in ionad málaí gainimh. Ionsúnn siad an t-uisce tuile agus ansin foirmíonn siad bacainn a chuireann stop leis an t-uisce dul níos faide.

Bacainní

Is féidir bacainní ar chruthanna agus méideanna éagsúla a fháil, agus is féidir iad a úsáid le bac a chur ar uisce tuile teacht isteach ar d'áitreabh.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na táirgí seo nó a fháil amach céard iad na táirgí a bheidh feiliúnach do do theach, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis na cuideachtaí seo a leanas:

Floodgate Ireland	061 335492	www.floodgateireland.com
Mescal & Associates	021 4314388	www.mescal.ie
JFC Manufacturing Ltd	093 24066	www.jfc.ie
Lining Services Ltd	051 294090	www.liningservices.com
Flood Barrier Systems	01 6202030	www.floodguards.ie
GEO Solutions Ltd	059 9720687	email: info@tbmgesolutions.com
Independent Flood Defence Products	0044 1 953861192	www.ifdp.co.uk
Flodef Ltd	0044 1 792881741	www.flodef.com
Flood Control Ltd	0044 1 822832385	www.floodcontrol.co.uk

Cé go ndéantar gach iarracht chun iontaofacht na soláthraithe liostaithe a chinntiú ní féidir é seo a ghlacadh mar fhormhuiniú ar na soláthraithe seo.

www.flooding.ie

10

Athchóiriú an tí tar éis tuile

Fíric: Mar go ndíláithríonn uisce meáchan coirp, dá dhoimhne a thomtar duine in uisce is ea is lú a mheánn an duine, agus éiríonn sé níos deacra dóibh fanacht ina seasamh.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Glanadh

Is obair mhór í do theach a ghlanadh tar éis tuile, ach má leanann tú na treoracha thíos beidh tú in ann an obair a dhéanamh go sábháilte agus le héifeacht.

- Bí cinnte go bhfuil gás, leictreachas agus sconnaí breosla ar bith curtha as agat.
- Is féidir leictreachas sealadach a fhostú, ach bí cinnte go bhfuil aeráil chuí ann mar gur féidir le ginteoirí aonocsaíd charbóin a scaoileadh amach. Lig don inneall fuarú sula gcuireann tú breosla arís ann.
- Bí cinnte go bhfuil aon fhearas a úsáideann gás dícheangailte.
- Déan deisiúcháin shealadacha ar an díon má tá damáiste déanta dó. Tá tarpól go maith mar chlúdach sealadach.

Glanadh suas

Sula dtosaíonn tú ar do mhaoin a ghlanadh suas bí cinnte go bhfuil an trealamh a bheidh ag teastáil agat. San áireamh anseo tá:

- Ceamara chun an damáiste ón tuile a thaifeadadh.
- Paca uirlisí bunúsach le casúr, tairní, scriúire agus castairí.
- Scuaba, mapaí, scuaba sciúrtha agus buicéid.
- Glantóirí teaghlaigh agus díghalráin.
- Buataisí rubair, lámhainní agus éadaí cosantacha.
- Sluaistí.
- Téitheoirí, gaothráin agus díthaisire má tá ceann ar fáil.
- Málaí bruscair láidre.

Bain amach uisce atá ina luí sa teach.

- B'fhéidir go gcuirfeadh an tseirbhís dóiteáin seirbhís phumpála ar fáil ach táille a íoc, nó d'fhéadfá pumpa a fháil ar cíos ó shiopa crua-earraí. Nó d'fhéadfá comhlacht speisialach damáiste uisce a fháil chun an t-uisce a phumpáil amach duit.
- Déan an t-uisce a thaoscadh amach de réir a chéile ionas nach mbeidh fadhbanna agat le brú an uisce ar struchtúr an tí. Moltar timpeall an trian den uisce a bhaint amach in aghaidh an lae.
- Ná téidh an teach thar 4°C go dtí go mbíonn an t-uisce uile atá ina luí ann bainte amach.

Láib a Bhaint Amach

- Glan an oiread láibe agus is féidir amach le sluasaid agus úsáid píobán uisce chun an chuid eile a ghlanadh amach.
- Má bhíonn láib ar an taobh istigh agus lasmuigh de na ballaí, bain amach de réir a chéile é ionas go bhfanann an t-ualú cothrom.
- Ní chóir píobán ardbhrú a úsáid chun láib a bhaint amach as do theach.

Glanadh agus Dífhabhtú

- Déan dromchlaí a sciúradh le huisce te gallúnaigh agus glantóir dian.
- Ba chóir nithe ar nós bogthroscán, éadaí agus earraí bia a bhí i dteangmháil le huisce tuile a chur i málaí bruscair atá ceangailte go dlúth agus iad a dhiúscairt.
- Is dócha go mbeidh tú in ann scipe a fháil ar cíos chun déileáil leis an mbruscar go léir ón teach. Má tá éileamh árachais á dhéanamh agat, ná caith aon rud amach go dtí go ndeireann an comhlacht árachais leat é.
- Caithfear gach dromchla ullmhúcháin bia a ghlanadh agus a dhífhabhtú go hiomlán.
- Lig do gach dromchla atá glanta triomú go hiomlán mar go mbíonn rath ar fhrídíní sa taise.

www.flooding.ie

Triomú

Is í an aerchúrsaíocht an stlí is fearr chun teach a thriomú agus glanann sé an t-aer laistigh chomh maith ach ní foláir a bheith foighneach agus a chinntiú go bhfuil an teach triomaithe go hiomlán sula dtéann tú chun cónaí arís ann.

Rudaí le déanamh agus rudaí le seachaint

✓ Oscail do dhoirse agus d'fhuinneoga chun an teach a aeráil.

✓ Bí cinnte de go bhfuil an teach slán.

✓ Bain gach bac as aerbhrící agus poill aeir.

✓ Nigh do lámha le dífhabhtán má bhí tú i dteangmháil go díreach le huisce.

✓ Scrúdaigh na ballaí seachtracha agus an díon le haghaidh damáiste struchtúrtha roimh dhul isteach sa teach.

✘ Ná déan aon iarracht seirbhísí a chur ar siúl go dtí go scrúdaíonn saineolaí iad.

✘ Ná hith aon bhia a bhí i dteangmháil leis an uisce tuile.

✘ Ná déan iarracht aon rud trom nó míshocair a bhogadh leat féin – faigh cabhair.

Triomaigh an teach

- Is féidir ligint don teach triomú go nádúrtha, ach bheadh ort fanacht ar feadh na míonna. Trí bhrú a chur ar an triomú, is féidir deifir a chur leis ionas nach dtógann sé ach roinnt seachtainí. Cibé slí a phiocann tú chun an teach a thriomú, déan cinnte de go mbaintear amach aon taise atá ceaptha laistigh de struchtúr an tí. Uaireanta bíonn cuma thirim ar na ballaí ón taobh amuigh, ach bíonn siad tais laistigh go fóill. Má bhíonn amhras ort, faigh saineolaí gairmiúil a chinnteoidh go bhfuil an teach triomaithe go hiomlán.
- I ngach cás, dá luaithe a thosaítear an próiseas triomaithe is ea is mó an seans go n-éireoidh leis – is iad an chéad 48 uair an chloig tar éis tuile an t-am is tábhachtaí.
- Má scrúdaíonn saineolaí do chóras teasa agus má dhearbhaíonn sé go bhfuil sé sábháilte, is féidir é a lasadh chun cabhrú leat an teach a thriomú. Coinnigh an teocht timpeall 20 to 22°C. Seachain teochta ró-ard mar gur féidir le téamh mear obair phlástair agus araile a scoilteadh.
- Tabhair faoi deara nach leor teocht ann féin chun do theach a thriomú. Tá sé thar a bheith tábhachtach aird a thabhairt ar aerchúrsaíocht agus ar thaise.
- Tá dea-aeráil riachtanach agus mar sin coinnigh fuinneoga agus doirse ar oscailt le linn dea-aimsire agus ar leathadh nuair atá an aimsir fliuch.
- Má tá díthaisire á úsáid agat fág fuinneoga agus doirse seachtracha dúnta go háirithe le linn aimsire fliuch.

Ná déan dearmad ar shlándáil

Tharla eachtraí creachadóireachta tar éis tuilte agus cé go bhfuil sé tábhachtach an teach a aeráil, ní mór a bheith san airdeall ó thaobh slándála. Ná déan dearmad go bhfuil deis ann go mbeadh an t-uisce tar éis dochar a dhéanamh do aláraim ghadaíochta agus nach n-oibreoidís.

Ná fág fuinneoga ná doirse seachtracha ar oscailt nuair nach bhfuil éinne sa teach, agus bí cinnte go bhfuil sé faoi ghlas i gceart roimh imeacht as. Más gá clúdaigh aon fhuinneog oscailte nó briste le mogallra slándála.

www.flooding.ie

Deisiúcháin

Obair Bhrící

- Fiú tar éis do theach a thriomú d'fhéadfadh taise a bheith go fóill i do chuid obair bhrící. Is trí ghalú nádúrtha is fearr é seo a thriomú. Oscail gach poll gaoithe chun an próiseas a bhrostú.
- Bí ag faire amach do scoilteanna sna ballaí mar gur féidir le brící crapadh nó scoilteadh agus iad ag triomú.
- Ná péinteáil obair bhrící go dtí go mbíonn sé tirim ar fad.
- B'fhéidir go dtabharfá faoi deara fás geal salannach ar na ballaí. Beidh deireadh leis seo nuair a bhíonn na ballaí tirim ar fad agus is féidir é a bhaint le scuab.
- Mura dtriomaíonn an obair bhrící iarr ar shaineolaí an teach a scrúdú le haghaidh fraighfhliuchrais.
- Ba chóir clúdaigh ar aerbhrící a bhaint astu nuair atá an t-uisce tuile imithe i léig.
- Ná las tinte ar feadh coicíse ar a laghad tar éis tuile i dtinteán brící. Cruthófar gal mura bhfuil na brící tirim agus tig leis seo dochar a dhéanamh don simléir.

Urláir

- Bain amach clúdaigh urláir ar nós vinil, cairpéid nó tíleanna. Ba chóir ábhair inslithe a d'éirigh fliuch a bhaint amach, a dhiúscairt agus ábhar nua a chur ina n-áit.
- Déanfaidh uisce tuile dochar mór d'urláir slischláir agus ba chóir iad a bhaint amach agus cinn nua a fháil. Murar féidir é seo a dhéanamh, caithfear iad a neartú le teanntóga ón taobh thíos.
- Ba chóir go dtriomódh na spásanna faoi urláir choncréide amach go nádúrtha agus nach mbeadh aon dochar déanta don urlár. Más é do bharúil go bhfuil aeráil bhreise de dhíth ba chóir duit dul i dteagmháil le tógálaí.
- Má tá urláir chrochta adhmaid sa teach, ba chóir roinnt cláir a ardú chun aon uisce atá ann a bhaint amach. Is féidir é seo a dhéanamh le taoscadh trí aerbhrící, agus pumpa a úsáid más gá nó poill a ghearradh i mballaí imlíneacha an tí. Ná déan iarracht poill a ghearradh gan chomhairle ghairmiúil.
- Má bhíonn cuma lofa ar ghiarsaí urláir cur cinn nua isteach agus déan cóireáil ar an gceantar timpeall orthu i dtreo is nach scaipfidh sé.
- Ba chóir urláir lúbtha nó scoilte a athrú mura bhfilleann siad ar a leibhéal bunaidh. Má tá siad ag a leibhéal bunaidh, is féidir urlár eile a thógáil ar a mbarr. Más amhlaidh atá sé ba chóir bac gail a chur isteach eatarthu.
- Is é an dóigh is fearr chun urlár a scrúdú le haghaidh taise ná méadar a úsáid. Is é 18% an leibhéal sábháilte taise do bhogadhmaid.

Gloine agus fuinneoga

- Glan gach fuinneog agus cur ola ar ghlais agus insí chun creimeadh a chosc.
- Is ar éigean go mbeadh tionchar ag uisce tuile ar ghloiniú singil, ach scrúdú riocht an phuití, glais fhuinneoige srl, le dearbhú go bhfuil an fhuinneog slán.
- Ba chóir aonaid ghloine dúbailte a scrúdú lena chinntiú nach bhfuil an séala imill creimthe ag an usice tuile. Bí ag faire amach do láib agus uisce a bheadh ceaptha sna fuinneoga tolla agus i bhfrámaí na ndoirse. Má tá taise istigh sa ghloine déan poill a dhruileáil ag barr agus ag bun an fhráma chun é a thaoscadh amach. Má bhíonn comhdhlúthú idir na frámaí is gá aonad nua a chur ina áit.
- Is féidir le saisfhuinneoga a bheith díchumtha agus ataithe tar éis tuile. Ná hoscail le fórsa iad mar gur féidir leis sin a thuilleadh damáiste a dhéanamh. Ba chóir don at laghdú sa tréimhse triomaithe. Mura bhfilleann sé ar a ghnáthmhéid nuair atá an t-adhmad triomaithe go hiomlán, is féidir é a phlánáil go cruth an fhráma.
- Más gá saisfhuinneoga a oscailt chun cabhrú le triomú an tí bain amach an feirbín agus an sais a osclaíonn. Is féidir feirbín sealadach a scriúáil ina ionad ar mhaithe le slándáil bhreise nuair nach bhfuil aon duine sa teach.

Insliú

- Is gá insliú fliuch a bhaint amach agus insliú nua a chur ina áit mar go gcailleann sé a thréithe inslithe agus go gcuireann sé moill ar an triomú.
- Is greannach é insliú snáth gloine. Caith éadach cosanta má tá tú á bhaint amach.
- Má cheapann tú go bhfuil dochar déanta d'insliú an chuasbhalla, faigh comhairle ó shaineolaí sula ndéanann tú iarracht é a bhaint amach.

www.flooding.ie

Maisiúchán Laistigh

- Cuirfidh clúdaigh balla le tréscaoilteacht íseal, ar nós páipéir bhalla vinil, snasphéint agus tíliú moill ar an triomú. Bain na clúdaigh balla as taobh amháin ar a laghad de na ballaí istigh chun an triomú a bhrostú.
- Tig le studbhallaí rannacha lobhadh mura dtriomaítear i gceart iad.
- Ná déan maisiúchán nua go ceann trí mhí ar a laghad tar éis do na ballaí triomú agus gach deisiúchán a bheith déanta. Má dhéantar an phéinteáil nó an páipéar nua a chur suas ró luath d'fhéadfadh bolgadh, múscán nó scamhachán tarlú dá bharr.
- D'fhéadfadh ruaimniú tarlú mar dhéantar athphéinteáil le péint eibleachta. Is féidir é seo a sheachaint ach péint ola-bhunaithe nó péint frithruaimnithe a úsáid roimh an bpéint eibleachta.
- Má tá aonaid na cistine déanta de shlischlár déanfaidh an tuile an-dochar dóibh. D'fhéadfaidís at, lúbadh nó a neart a chailliúint. Ní féidir iad a dhífhabhtú i gceart agus caithfear iad a dhiúscairt. Smaoinigh ar adhmad soladach nó plaisteach a chur ina áit, go háirithe má tá an baol ann go mbeidh tuilte ann arís.

Plástar agus líneála tirime

- Súnn plástar giopsam-bhunaithe an-chuid uisce isteach agus tiocfaidh míchumadh air le linn tuile. Is gá obair phlástair mhillte a dhéanamh as an nua, ach fan go dtí go mbíonn tú cinnte go bhfuil deireadh le scoiltghluaisteacht agus le sil-leagan salainn.
- Nuair a bhíonn tú ag plástaráil arís smaoinigh ar umarú a úsáid ina áit, mar go mbíonn sé níos buaine in aghaidh uisce tuile.
- Bain amach cláir sciorta san áit a bhfuil plástarchlár. Ansin gearr nó driolláil poill trí na plástarchláir nó na líneála tirime chun uisce gafa a thaoscadh agus cabhrú le haerú.
- Tá sé fíorthábhachtach a bheith cinnte go bhfuil na ballaí triomaithe ar fad laistigh sula dtosaítear ar mhaisiúchán nua.

Damáiste struchtúrtha

B'fhéidir nach mbeadh damáiste struchtúrtha le feiceáil go ceann tamaill tar éis na tuile. Scrúdaigh do theach go rialta agus tabhair aire do na comharthaí seo a leanas:

- Athraithe i líne nó i gcruth bhinn an díona (is fearr a bheith i bhfad uaidh agus tú ag amharc air).
- Búcláil ballaí, a aithnítear ó scoilteanna cothrománacha nó ceantair a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad imithe as ailíniú ingearach.
- Scoilteanna ingearacha nó trasnánacha a léiríonn go bhfuil na ballaí nó na boinn socraithe síos.
- Coda den teach atá ag bolgadh nó bogtha.
- Sciúradh domhain a nochtann an dúshraith.
- Aon scoilt nua níos mó ná 5mm os cionn fuinneoga nó doirse.

Má thugann tú aon cheann de na comharthaí seo faoi deara, déan teangmháil le do chomhlacht árachais láithreach agus faigh comhairle ó innealtóir struchtúrtha nó ó shuirbhéir.

Is féidir le hOifigigh Rialaithe Foirgníochta i ngach Údarás Áitiúil comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir le cinntiú go gcomhlíonann aon obair atá beartaithe na rialacháin fhoirgníochta.

Ballaí

- De ghnáth tríomaíonn ballaí traidisiúnta brící nó stroighne go maith. Bí cinnte go bhfuil brící glan le haghaidh aeráil agus nigh agus scuab ballaí seachtracha síos.
- B'fhéidir go dtabharfá fás geal salannach faoi deara ar na ballaí. Beidh deireadh leis seo nuair a bhíonn na ballaí tirim ar fad agus is féidir é a bhaint le scuab.
- Má theastaíonn uait an triomú a bhrostú, téigh i gcomhairle le tógálaí gairmiúil maidir le poill aerála a chur timpeall méadar óna chéile ag leibheal an cúrsa taisdhíonach agus ag barr na gcuas laistiar den chumhdach saoirseachta.
- Faigh comhairle ghairmiúil má tá séalaí taise curtha ar do chuid ballaí cheana mar go bhféadfadh siad seo cur isteach ar an triomú.
- Glan amach aon dríodar suntasach atá in aghaidh na mballaí mar go bhféadfadh sé fórsa a imirt ar na ballaí, agus is ceart é a bhaint amach céim ar chéim go cúramach. Má tá an t-ualú laistigh den bhalla chomh maith le bheith lasmuigh, déan iarracht na leibhéil a choinneáil cothrom agus tú á mbaint amach.
- Iarr ar shaineolaí cuasa ballaí a scrúdú lena chinntiú go bhfuil na ballaí slán, má tá tíleanna balla creimnithe iarr ar shaineolaí cinn nua a chur ina n-áit.

www.flooding.ie

Adhmad

- Más féidir adhmad a thriomú laistigh de chúpla seachtain ní dócha go dtiocfaidh meath air.
- Caithfear ballaí le frámaí adhmaid a nochtadh go hiomlán má mhaireann an tuile níos mó ná cúpla uair an chloig. Chun é sin a dhéanamh ba chóir plástarchlár, scannán stiúrtha gail agus insliú a bhaint amach go dtí an leibhéal is airde d'uisce na tuile.
- D'fhéadfadh frámaí fuinneoige borradh agus greamú nuair atá siad fliuch. Iarr ar shaineolaí féachaint an bhfuil lobhadh ann. Is féidir adhmad fliuch a chóiriú le plugaí buanaithe. Nuair atá siad tirim, is féidir frámaí a athmhaisiú.
- D'fhéadfadh staighrí adhmaid éirí míshocair agus lag. Scrúdaigh taca an staighre agus neartaigh é más gá le teanntóga breise.Socraigh céimeanna scaoilte nuair atá an staighre triomaithe go hiomlán.
- Tógtar doirse tine go minic le sraitheanna de chumasc tinefhriotaíoch pacáilte isteach ina lár. Is féidir le huisce tuile dochar buan a dhéanamh dóibh seo, agus ba chóir doirse nua a chur isteach ina n-ionad.
- Is féidir le himeall adhmaid agus frámaí doirse atá greamaithe don bhalla meathlú le linn tréimhsí fada triomaithe.
- Má bhíonn níos mó ná 18% taise i mbogadhmad, is féidir le fás fungasach tosú.

Cumhacht a thabhairt ar ais

Ní foláir duit saineolaí a fháil chun seirbhísí an tí a scrúdú sula gcuireann tú ar siúl arís iad. Ní gá go mbeadh an damáiste a rinne an tuile chomh soiléir sin agus a d'fhéadfadh sé a bheith an-chontúirteach seirbhís a lasadh.

Leictreachas

Scrúdóidh leictreoir na boscaí comhchumair, na hasraoin soicéid, na lascanna solais agus na naisc síleála lena chinntiú nach bhfuil aon uisce ceaptha istigh iontu. Is féidir le sreangú nua-aimseartha tréimhse gearr tuile a sheasamh, ach má raibh tuile i do theach ar feadh níos mó ná cúpla uair an chloig beidh ort sreangú nua a chur sa teach. Smaoinigh ar na cáblaí a athródú chun go mbeidh siad ag teacht anuas.

Gás

Is féidir le huisce agus láib dul isteach i gcórais gháis le linn tuile. Is féidir le hinnealtóir cláraithe do chuid fearas uile a scrúdú, mar go bhféadfadh siad a bheith contúirteach fiú má tá an chuma orthu go bhfuil siad ag obair mar is gnáth.

Uisce

Ní chóir go gcuirfeadh tuilte isteach ar sholáthar uisce ón bpríomhphíopa, ach nigh na sconnaí agus lig dóibh rith ar feadh tamaill ghearr lena chinntiú nár tháinnig siolta ar bith isteach sa chóras. Má cheapann tú go bhfuil do phríomhsholáthar éillithe déan teangmháil le d'údarás áitiúil agus beirigh uisce ón sconna ar feadh 20 nóiméad ar a laghad roimh é a úsáid.

Scrúdaigh na píopaí i do theach agus déan cinnte nach bhfuil dochar déanta dóibh agus scrúdaigh aon insliú atá timpeall ar na píopaí agus faigh insliú nua más gá.

D'fhéadfadh soláthair uisce nach bhfuil ar an bpríomhchóras ar nós sistéal nó tobar a bheith éillithe agus ní chóir é a úsáid go dtí go mbíonn tástáil déanta air ar feadh tamaill. Faigh comhairle ó speisialtóir.

Séarachas

Is annamh a dhéanann tuilte dochar do dhraenacha agus do shéaraigh, ach d'fhéadfaidís a bheith blocáilte agus cúlú suas. Is féidir é seo a sheiceáil ach leithris a shruthlú agus sconnaí a rith.Má tá aon bhlocáil ann cur in iúl don údarás áitiúil é chomh luath agus is féidir.

Más gá deisiúcháin a dhéanamh ar shéarach, smaoinigh ar fhearais a stopann sruthú ar gcúl a fheistiú.

Má tá córas príobháideach séarachais agat, bí cinnte nach bhfuil aon damáiste déanta a bheadh ina bhaol do shláinte. Is féidir le hithreacha atá ar maos cur isteach ar a fheidhmiú ceart.

Ná húsáid an córas go dtí go n-íslíonn uisce na tuile.

Déan seirbhísiú ar dabhaigh a bhfuil damáiste déanta dóibh agus iarr ar shaineolaí gairmiúil iad a scrúdú chomh luath agus is féidir.

www.flooding.ie

11

Sláinte a thabhairt ar ais ar an ngairdín

Fíric: Tá uisce tuile truaillithe go minic ag draein ag sceitheadh, conablach ainmhithe agus dramhaíl.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Athchóiriú

Má tharlaíonn tuile d'fhéadfadh damáiste mór a bheith déanta dod' ghairdín. Seo iad a leanas roinnt noda ar conas do ghairdín a chosaint agus sláinte a thabhairt ar ais dó:

Ithir agus Teorainneacha

- Is féidir fréamhacha tanaí a bheith ann mar thoradh ar ithir báite, ag déanamh plandaí neamh-sheasmhach agus tagtha ar triomach in aimsir tirim. Fan go dtriomaíonn an talamh amach agus ansin déan roinnt tochailt domhain (cas an talamh thar ceann go doimhneacht do shluasaid) chun an fhadhb seo a chosc.
- I gcás tuile uisce farraige, is é an t-aon rud amháin ab féidir a dhéanamh ná plandaí luachmhara a ardú, an ithir a ní uathu agus iad a chur i mboscaí.

Cuimhnigh le do thoil: D'fhéadfadh cabhair a bheith ag teastáil ó chomharsana aosta chun sláinte a thabhairt ar ais ar a ngairdíní.

Glasraí

Caith uait aon bharra atá clúdaithe le huisce tuile agus ligean do fhiaile giniúint chun cabhrú leis an talamh a thirimiú roimh iad a athchur.

Plandaí

- Mairfidh an chuid is mó de phlandaí trí chúpla lae báite san uisce, ach beidh ocsaingín ag teastáil ó na fréamhacha. Bain na plandaí amach as an talamh le píce, nigh an glár agus smionagar as na fréamhacha agus duilliúr agus cúlaigh iad in áit níos tirime den ghairdín nó i bpota.
- Bearr siar aon chuid donn nó duilleoga, gais nó craobhanna marbha.
- Cur leasú le saoileadh mall leis an ithir chun cothaitheach caillte a athionadú.
- Ardaigh plandaí i mboscaí ar bhrící chun cabhrú leo draenáil.

Faichí

Ná siúil ar fhaiche báite le huisce, fan go dtí go bhfuil sé tirim agus aeraigh go réidh an ithir ar barr le píce go timpeall 13cm. Oibrigh roinnt gaineamh gan aol isteach sna poill agus cur síolta isteach arís ar aon phíosaí maola.

Locháin

Is féidir an cuid is mó den shaol uiscí déileáil le tuile uisce úir de ghnáth, ach is cosúil go ndéanfadh uisce farraige marfacha. An tslí is fearr chun do lochán a chaomhnú ná líontán a cheangail os a chionn chun cosc a chur ar éisc agus plandaí uiscí a bheith scuabtha uaidh.

www.flooding.ie

12

Fíricí
tuile

Fíric: Fiú mura bhfuil sé ag cur báistí d'fhéadfadh tionchar a bheith ort ag tuilte ó bhorradh stoirme, agus fearthainn throm anoir ó do shuíomh

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Is ceann de fhórsaí is milltí an nádúir iad tuilte. Bhí tuilleadh de shaghas éigin i ngach contae in Éirinn, i ndiaidh fearthainne earraigh, stoirmeacha toirní troma, nó coscairt gheimhridh. Is féidir leo a bheith taghdach agus tá cumas marfach acu. Tá roinnt fíricí anseo a thaispeánann cé chomh dainséarach ar féidir le tuilte a bheith.

Fíricí

- Is féidir le chomh lú agus 300mm an cuid is mó de ghluaisteáin a bhogadh den bhóthar.
- Is féidir chomh lú agus 150mm d'uisce i sreabhadh tapa tusa a leagadh síos.
- Ceapann eolaithe go bhfuil seans ann go dtarlóidh tuilte níos muinicí sa todhchaí toisc athrú aeráide.
- Tarlaíonn 80% de bhásanna tuile i bhfeithiclí, agus tarlaíonn an chuid is mó nuair a dhéanann tiománaithe botún aonar, cinniúnach nuair atáthar ag iarraidh stiúradh trí uiscí tuile.
- Is é an tuile an tubaise nadúrtha is coitianta agus is forleathan.
- Bíonn aon-trian de bhóithre agus dhroichid faoi thuile chomh scriosta ag an uisce nach mbíonn ach deis de 50% ag aon fheithicil ag iarraidh é a thrasnú an taobh eile a shroicheadh.
- Gluaiseann uiscí tuile tapa a dhóthain chun bulláin a bhogadh, crainn a stoitheadh agus droichid a leagadh, próiseas a ghlaoitear sciúradh air.
- Tá uisce tuile truaillithe go minic ag draein ag sceitheadh, conablach ainmhithe agus dramhaíl.
- Is féidir le sruthanna leictreacha ó línte agus cháblaí cumhachta atá tar éis titim gluaiseacht tríd uisce na tuile.
- Is féidir le huisce tuile clúdaí dúnphoill agus draenach a bhogadh, rud a chruthaíonn contúirtí dofheicthe.
- Mar go ndíláithríonn uisce meáchan coirp, dá dhoimhne a thomtar duine in uisce is ea is lú a mheánn an duine, agus éiríonn sé níos deacra dóibh fanacht ina seasamh.

www.flooding.ie

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí